2026/912

6.7.2026

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2026/912 ÓN gCOIMISIÚN

an 27 Aibreán 2026

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann le fógraí na mBallstát maidir le praghsanna táirgthe torthaí agus glasraí ar an margadh inmheánach

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 223(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is ón 1 Bealtaine 2026 ar aghaidh a chuirfear i bhfeidhm Rialachán (AE) 2026/687 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]). Le hAirteagal 4 den Rialachán sin ceanglaítear ar an gCoimisiún faireachán a dhéanamh ar roinnt táirgí íogaire ar mhargadh an Aontais, go háirithe a mhéid a bhaineann le treochtaí allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus forbairtí i dtáirgeacht agus praghsanna.

(2) San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2026/687 liostaítear gairleog i measc na dtáirgí íogaire. Chun faireachán a dhéanamh ar fhorbairtí i bpraghsanna ar mhargadh an Aontais, is gá go mbeadh rochtain thráthrialta ag an gCoimisiún ar phraghsanna taifeadta le haghaidh gairleoige.

(3) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún ([3]), ceanglaítear ar na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi phraghsanna táirgthe a thaifeadtar ar an margadh inmheánach le haghaidh na dtorthaí agus na nglasraí a liostaítear in Iarscríbhinn VI, nach gcuimsítear gairleog inti.

(4) Chun na ceanglais faireacháin a leagtar amach i Rialachán (AE) 2026/687 a chomhlíonadh, ba cheart, dá bhrí sin, gairleog a chur le hIarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891.

(5) Ós rud é gur ón 1 Bealtaine 2026 a chuirfear i bhfeidhm na clásail choimirce dhéthaobhacha i gComhaontú Comhpháirtíochta AE-Mercosur agus i gComhaontú Trádála Eatramhach AE-Mercosur, ba cheart an Rialachán Tarmligthe seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2026/687 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2026 lena gcuirtear chun feidhme na clásail choimirce dhéthaobhacha i gComhaontú Comhpháirtíochta AE-Mercosur agus i gComhaontú Trádála Eatramhach AE-Mercosur le haghaidh táirgí talmhaíochta (IO L, 2026/687, 19.3.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/687/oj).

([3]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138, 25.5.2017, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/891/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, cuirtear an ró seo a leanas le deireadh an tábla:

‘Gairleog	Gach cineál	Méid 45-60 mm pacáistí thart ar 2-5 kg	an Spáinn an Fhrainc an Iodáil an Rómáin an Phortaingéil an Pholainn’

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Aibreán 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN